



Miotais agus Finscéalta Éireannacha

Léirítear cuid de na miotais agus de na finscéalta is ansa linn in Éirinn go beo beathach ar fhoireann laochúil stampaí 55c a d'eisigh An Post i Meán Fómhair 2012.



Clann Lir. Ins an scéal miotaseolaíoch Clann Lir déantar cur síos ar cheathrar clainne Lir a athraíodh ina n-ealaí bána nuair a chuir Aoife, dara bean chéile Lir, faoi ortha dhraíochta iad. Nuair a briseadh cumhacht na hortha tar éis 900 bliain d'iompaigh na healaí ar ais ina ndaoine, ach toisc an oiread sin ama a bheith imithe thart ba cheathrar sheandaoine laga leochaileacha iad a fuair bás go gairid ina dhiaidh sin.

Deirdre agus Naoise. Sa scéal seo móidíonn an rí Conchobhar mac Neasa go bhfuil i gceist aige Deirdre a phósadh. Tá Deirdre go mór i ngrá le Naoise áfach. Ar eagla an rí éalaíonn Naoise agus Deirdre le chéile go hAlbain, ach mealltar ar ais go hÉirinn iad le bréaga, áit a n-eagraíonn an rí feallmharú Naoise. Tá Deirdre croíbhriste agus faigheann sí féin bás dá bharr.



Fionn Mac Cumhaill. Ba thaoiseach agus ba laoch clúiteach é Fionn Mac Cumhaill. Agus é fós ina bhuachaill óg fuair sé gaois de bharr blaiseadh den Bhradán Feasa. Toisc an t-eolas agus an ghaois seo a bheith aige bhí sé mar thaoiseach ar na Fianna cróga.

Cú Chulainn. Insíonn an ceathrú stampa conas a fuair Cú Chulainn a ainm. Faigheann an buachaill óg Setanta cuireadh chuig féasta ag teach an ghabha Culann. Nuair a dhéanann an cú a bhí ag Culann ionsaí ar Shetanta maraíonn seisean an madra lena chamán agus lena shliotar. Toisc an cú a bheith maraithe aige geallann Setanta go dtógfaidh sé áit an mhadra chun Culann a chosaint agus is mar sin a fuair sé an t-ainm Cú Chulainn.



Tá na stampaí bunaithe ar phéintéireacht le Fergus Lyons. Is é Steve Simpson a rinne an chlóghrafaíocht agus an leagan amach.





Miotais agus Finscéalta Éireannacha

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén costas atá ar stampaí Miotas agus Finscéalta na hÉireann?
2. Cé mhéad de chlann Lir a cuireadh faoi ortha dhraíochta?
3. Iompaíodh Clann Lir ina n-éin. Cén saghas éin?
4. Cé mhéad bliain ar chaith siad faoi ortha Aoife?
5. Cén bhean ar theastaigh ó Chonchobhar mac Neasa a phósadh?
6. Cé leis a raibh Deirdre i ngrá?
7. D'éalaigh siad amach as Éirinn go dtí cén tír?
8. Conas a tháinig gaois chuig Fionn Mac Cumhaill?
9. Bhí Fionn Mac Cumhaill ina thaoiseach ar bhaicle daoine. Cén t-ainm a bhí orthu?
10. Cén t-ainm a bhí ar Chú Chulainn ina óige?
11. Bunaíodh na stampaí ar phéintéireacht ealaíontóra áirithe. Cén t-ainm atá ar an ealaíontóir seo?

Obair Baile molta:

- Samhlaigh go bhfaca tú Clann Lir ag iompú ar ais ó ealaí ina seandaoine laga leochaileacha. Scríobh scéal nuachta do shuíomh Gréasáin do scoile ag déanamh cur síos ar a bhfaca tú.
- Samhlaigh gur tusa Deirdre nó Naoise agus gur gá duit éalú go hAlbain. Scríobh litir chuig do theaghlach ag míniú cén fáth go raibh ort éalú agus tabhair léargas ar do thuras go hAlbain.
- Roghnaigh scéal miotais nó finscéal eile Éireannach agus tarraing do stampa féin do An Post.

